II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2020/1757 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Samhain 2020

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Siúcra a bhaineann le haontachas na Ríochta Aontaithe leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 ("an Comhaontú") a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 92/580/CEE ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1993. Tugadh an Comhaontú i gcrích le haghaidh tréimhse 3 bliana i dtús báire.

(2) De bhun Airteagal 45(2) den Chomhaontú, is féidir leis an gComhairle Idirnáisiúnta Siúcra síneadh a chur leis an gComhaontú le haghaidh tréimhsí comhleanúnacha, nach rachaidh thar 2 bhliain gach uair. Ó tugadh an Comhaontú i gcrích, cuireadh síneadh leis go tráthrialta ar feadh tréimhsí breise 2 bhliain. Cuireadh an síneadh deireanach leis an gComhaontú an 10 Iúil 2019 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2021.

(3) Luaitear in Airteagal 41 den Chomhaontú gur féidir le Rialtas na Stát uile iarratas a dhéanamh ar aontachas leis an gComhaontú i gcomhréir leis na coinníollacha arna mbunú ag an gComhairle Idirnáisiúnta Siúcra.

(4) An 2 Deireadh Fómhair 2020, rinne an Ríocht Aontaithe iarratas foirmiúil ar aontachas leis an gComhaontú ón 1 Eanáir 2021 amach.

(5) Le linn an 57ú seisiún den Chomhairle Idirnáisiúnta Siúcra, atá le bheith ar siúl an 27 Samhain 2020, tá an Chomhairle Idirnáisiúnta Siúcra leis na coinníollacha a bhunú maidir le haontachas na Ríochta Aontaithe leis an gComhaontú.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Idirnáisiúnta Siúcra a bhunú.

(7) Táirgeoir mór siúcra is ea an Ríocht Aontaithe. Is chun leas an Aontais é go ndéanfar aontachas na Ríochta Aontaithe leis an gComhaontú a fhormheas.

(8) Níor cheart aontachas na Ríochta Aontaithe leis an gComhaontú a theacht i bhfeidhm go dtí go mbeidh deireadh tagtha leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([2]). Níor cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach i leith na Ríochta Aontaithe roimh dheireadh na tréimhse sin,

([1]) Cinneadh 92/580/CEE ón gComhairle an 13 Samhain 1992 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 (IO L 379, 23.12.1992, lch. 15).

([2]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 57ú seisiún den Chomhairle Idirnáisiúnta Siúcra an 27 Samhain 2020, aontachas na Ríochta Aontaithe leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 a fhormheas, ar choinníoll nach dtagann an t-aontachas i bhfeidhm, agus nach gcuirtear an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach i leith na Ríochta Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Samhain 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH